Trinity College Dublin
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
The University of Dublin

Institiúid Oideachais Marino Institute of Education
Coláiste Cleamhnaithe de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

An Roinn Oideachais
Department of Education

# Dioplóma Iarchéime sa Ghaeilge do Mhúinteoirí

**Roinn na Gaeilge**
**Scoil an Oideachais**
**Institiúid Oideachais Marino**


# Struchtúr an tseisiúin seo

1. Cé dó an cúrsa seo?
2. Roinn na Gaeilge, Scoil an Oideachais agus Institiúid Oideachais Marino
3. Struchtúr an chúrsa
4. Na modúil
5. Iarratas a dhéanamh
6. Scrúdú TEG

# 1. Cé dó an cúrsa seo?

# Cuirtear fáilte roimh iarratas:

- ó mhúinteoirí cláraithe iarbhunscoile ar mhaith leo cáilíocht a bhaint amach leis an nGaeilge a mhúineadh go leibhéal na hArdteistiméireachta



# 2. Roinn na Gaeilge, Scoil an Oideachais agus Institiúid Oideachais Marino



## Roinn na Gaeilge

- teagasc agus taighde i réimse na teanga agus na litríochta
- mar chuid de Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr

## Scoil an Oideachais

- foireann ghníomhach ag obair i réimse na Gaeilge agus an oideachais teanga
- M. Oid san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

## Institiúid Oideachais Marino

- saineolas i réimse an oideachais agus i múineadh na Gaeilge
- B. Oid trí Mheán na Gaeilge



# Coláiste na Tríonóide: áiseanna

- **Leabharlann na Tríonóide**: reáchtáiltear ceardlanna leabharlainne go minic; is ann do shainleabharlannaí don oideachas agus don Ghaeilge
- **Spórt**: bíonn fáil ag mic léinn ar an ionad spóirt, linn snámha agus ranganna spóirt
- **Imeachtaí, clubanna, cumainn**: cuirtear an-fháilte roimh mhic léinn iarchéime
- **Pobal na Gaeilge**: cuirfear fáilte romhat chuig seomra na Gaeilge agus imeachtaí de chuid an Chumainn Ghaelaigh
- **Tacaíochtaí do mhic léinn**: reáchtáileann an tseirbhís *Student Learning Development* ceardlanna rialta do mhic léinn



# 3. Struchtúr an chúrsa

# Struchtúr an chúrsa

| Bliain | Modúl | Teideal an mhodúil | Measúnú |
|---|---|---|---|
| **Bliain 1** | Modúl 1 | Dánta, stáitse agus scáileáin | Meascán de mheasúnú leanúnach (e.g. píosa féinmhachnaimh, aiste, podchraoladh, físeán) agus de scrúduithe scríofa agus béil |
| | Modúl 2 | Cumarsáid agus litearthacht 1 | |
| | Modúl 3 | Curaclam agus comhthéacs | |
| | Modúl 4 | Pobal agus teanga na Gaeilge | |
| | | | |

# Struchtúr an chúrsa

| Bliain | Modúl | Teideal an mhodúil | Measúnú |
|---|---|---|---|
| **Bliain 2** | Modúl 5 | Oideolaíocht na Gaeilge | Meascán de mheasúnú leanúnach (e.g. píosa féinmhachnaimh, aiste, podchraoladh, físeán) agus de scrúduithe scríofa agus béil |
| | Modúl 6 | Cumarsáid agus litearthacht 2 | |
| | Modúl 7 | Téacsanna Gaeilge trí na haoiseanna | |
| | Modúl 8 | An Ghaeilge don seomra ranga | |
| | Modúl 9 | Fathaigh an Phróis | |

# Bliain 1: Sceideal

## Seimeastar 1:
## Eanáir–Aibreán

- **Léachtaí seachtainiúla ar líne** tar éis an lae scoile (Dé Máirt agus Déardaoin).
- **Dhá lá ar an láthair** (Satharn i mí Feabhra agus Satharn i mí an Mhárta)

## Seimeastar 2:
## Meán Fómhair–Nollaig

- **Léachtaí seachtainiúla ar líne** tar éis an lae scoile (ar an Máirt agus Déardaoin).
- **Dhá lá ar an láthair**

# Bliain 2: Sceideal

## Seimeastar 1:
Eanáir–Aibreán

- **Léachtaí seachtainiúla ar líne** tar éis an lae scoile
- **Trí lá ar an láthair**

## Seimeastar 2:
Meán Fómhair–Nollaig

- **Léachtaí seachtainiúla ar líne**
- **Trí lá ar an láthair**

# An Ghaeltacht

- Beidh ceithre seachtaine le caitheamh ag mic léinn sa Ghaeltacht: coicís i samhradh na chéad bhliana agus coicís le linn na dara bliana.

# 5. Na Modúil

Trinity College Dublin
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
The University of Dublin

# Bliain 1

# Modúl 1: Dánta, Stáitse agus Scáileáin (10 ECTS)

- iniúchadh ar **fhilíocht**, ar **dhrámaíocht** agus ar **scannánaíocht** na Nua-Ghaeilge
- **scileanna anailíse** a fhorbairt
- na téacsanna sa **seomra ranga**
- **léamh criticiúil** ar théacsanna
- **tuairimí** faoin litríocht a chur in iúl agus a phlé



# Modúl 2: Cumarsáid agus Litearthacht 1 (10 ECTS)

- **spriocanna foghlamtha** pearsanta a leagan amach
- forbairt ar **scileanna teanga** – idir scileanna cumarsáide agus scileanna scríofa
- **cumas** agus **muinín** a fhorbairt maidir leis na nGaeilge a úsáid sa seomra ranga
- **féiniúlacht** a fhorbairt mar chainteoir gníomhach i bpobal comhaimseartha na Gaeilge



# Modúl 3: Curaclam agus Comhthéacs (5 ECTS)

- iniúchadh ar fhorbairtí comhaimseartha náisiúnta ar an **gcomhthéacs curaclaim**
- forléargas ar **mhúnlaí náisiúnta agus idirnáisiúnta** d’fhorbairt agus do chur i bhfeidhm curaclaim
- tuiscint ar na príomhghnéithe a bhaineann le **curaclaim agus creata náisiúnta** ag leibhéal iarbhunscoile
- machnamh a dhéanamh ar **chomhthéacs mhúineadh na Gaeilge**



# Modúl 4: Pobal agus Teanga (5 ECTS):

- **stair** agus **comhthéacs sóisialta na Gaeilge** ón gcúigiú haois déag go dtí an lá atá inniu ann
- **anailís ar théacsanna** ó thréimhsí éagsúla a chaitheann solas ar staid agus ar stádas na Gaeilge
- machnamh a dhéanamh **ar fhéiniúlacht lucht labhartha na Gaeilge** i gcomhthéacsanna éagsúla



Trinity College Dublin
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
The University of Dublin

# Bliain 2

# Modúl 5: Oideolaíocht na Gaeilge (5 ECTS):

- **léargais phraiticiúla** agus theoiriciúla ar an oideachas teanga
- **teoiricí** ar theagasc agus ar fhoghlaim teanga
- dearadh agus measúnú **siollabais**, pleanáil agus **cur i bhfeidhm ceachta** agus **bainistiú ranga**
- **comhthéacs na Gaeilge** san oideachas
- measúnú agus cuntas ar **rannpháirtíocht** agus **dul chun cinn daltaí.**



# Modúl 6: Cumarsáid agus Litearthacht 2(10 ECTS):

- **spriocanna foghlamtha** pearsanta a leagan amach
- forbairt ar **scileanna teanga** – idir scileanna cumarsáide agus scileanna scríofa
- **cumas** agus **muinín** a fhorbairt maidir leis na nGaeilge a úsáid aa seomra ranga
- **féiniúlacht** a fhorbairt mar chainteoir gníomhach i bpobal comhaimseartha na Gaeilge



# Modúl 7: Téacsanna Gaeilge trí na hAoiseanna (10 ECTS):

- tuiscint **ar thraidisiún liteartha na Gaeilge** ó dheireadh ré na Sean-Ghaeilge go tús Athbheochan na Gaeilge
- cuid I: **ó na Lochlannaigh go Cath na Bóinne** (filíocht na scol, Séathrún Céitinn, laoithe fiannaíochta, srl.)
- cuid II: **litríocht an 18ú haois agus an 19ú haois** (e.g. an Aisling, 'Caoineadh Airt Uí Laoghaire', 'Cúirt an Mheán Oíche, srl.'



# Modúl 8: An Ghaeilge don seomra ranga (10 ECTS):

- scileanna **labhartha**, **éisteachta** agus **scríofa** i gcomhthéacs atá nasctha go dlúth le **cleachtas na scoile** agus an tseomra ranga
- inniúlacht i **réimsí feasachta teanga**
- **dioscúrsa ranga**
- tuiscint a fhorbairt ar an **ngramadach**, ar an **bhfoclóir**, agus an **bhfráseolaíocht** a bhíonn ag teastáil le litríocht, teanga, beartas agus oideolaíocht **a mhúineadh trí mheán na Gaeilge**



# Modúl 9: Fathaigh an Phróis (5 ECTS)

- iniúchadh ar **rogha saothair** le scríbhneoirí próis sa Ghaeilge
- plé ar scríbhneoirí próis a bhfuil téacsaí leo ar **churaclam na meánscoile**
- cur le **tuiscint** na rannpháirtithe ar an litríocht chomhaimseartha
- plé ar **scríbhneoirí canónda éagsúla**, e.g. Máirtín Ó Cadhain, Pádraig Ó Conaire, Liam Ó Flaitheartha srl.



# 5. Iarratas a dhéanamh

# Riachtanais Iontrála

- iarratas comhlánaithe go hiomlán
- CV reatha
- fianaise go bhfuil tú cláraithe le Comhairle na Múinteoirí
- cóip de do thras-scríbhinn acadúil (íosleibhéal de 2.2)
- **fianaise go bhfuil** tú ag leibhéal B1 ar a laghad sna scileanna teanga ar fad de réir an Fhráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha (.i. an CEFR). Is féidir scrúdú TEG a dhéanamh nó fianaise eile a chur ar fáil
- litir ó do phríomhoide ag dearbhú go bhfuil riachtanas ann

*** Tabharfar tús áite d'iarrthóirí bunaithe ar a dtaithí mar mhúinteoirí; ar a scileanna teanga agus ar riachtanais na scoile (dearbhaithe ag an bpríomhoide)**

# Próiseas: iarratas a dhéanamh

**Scrúdú TEG**

**Tairiscint choinníolach**

**Tairiscint dhaingean**

Tabhairt faoi scrúdú TEG ar an **22/23 Samhain 2024**

**Iarratas a chur isteach ar líne** faoi **13 Nollaig 2024**

**Cuirfear tairiscint ar fáil d'iarrthóirí oiriúnacha, ar choinníoll áirithe**

**Cuirfear tairiscint dhaingean ar fáil má shásaítear na coinníollacha.**

# 6. Scrúdú TEG

# Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG)

- Is **cáilíocht sheachtrach** é TEG.
- Tá foireann TEG lonnaithe i **Lárionad na Gaeilge in Ollscoil Mhá Nuad**.

# Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG)

- Is **cáilíocht sheachtrach** é TEG.
- Tá foireann TEG lonnaithe i **Lárionad na Gaeilge in Ollscoil Mhá Nuad**.

**Ionad:** Ollscoil Mhá Nuad

**Dáta:** 22/23 Samhain 2024

**Táille:** €170

**Ullmhúchán:** tá páipéir shamplacha ar fáil ar shuíomh TEG

***Ní mór foirm spéise a líonadh amach faoin 31 Deireadh Fómhair**

**Tuilleadh eolais ar fáil anseo.**

# Léiriú spéise i Scrúdú TEG

**Dioplóma Iarchéime sa Ghaeilge do Mhúinteoirí:** Ní mór do gach iarrthóir fianaise a thabhairt go bhfuil **leibhéal B1** ar laghad acu sa Ghaeilge. Beidh dearbhú ag teastáil ó Ollscoil nó trí theastas ó Ionad na Gaeilge TEG. Cuirfidh TEG scrúdú speisialta ar fáil d'iarrthóirí ar an gcúrsa seo ar an 23ú Samhain (agus ar an 22ú má tá éileamh ann).

* Required

1. Ainm agus Sloinne *

Enter your answer

2. Seoladh rphoist *

Enter your answer

3. Cuirfear scrúdú TEG ar bun ar an 23ú Samhain (agus b'fhéidir ar an 22ú freisin, má tá an éileamh ann). An bhfuil suim agat ann? *

◯ Tá, cuir chucu m'ainm agus mo sheoladh rphoist le go ndéanfaidh siad teagmháil liom.

# Go raibh maith agaibh!